1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

**Dáta:** 20 Eanáir 2025
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL

**I láthair:**
Brigid Manton, Charlotte O'Donovan, Claire McGing, Colm Kilgallon, An Comhairleoir Angela Donnelly, An Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, An Comhairleoir Jacqueline Burke, An Comhairleoir John Walsh, An Comhairleoir Michael Clark, An Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), An Comhairleoir Pamela Kearns, An Comhairleoir Thomas Joseph, An Comhairleoir Vicki Casserly, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey.

**Leithscéalta:** An Comhairleoir Michael Clark.
**As láthair:** An Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan agus An Comhairleoir Vicki Casserly.

**I láthair:**
Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhán Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Mairéad Walsh, Ceann Státchiste agus Soláthair; Ross Lynam, Ceann na bhFoirgneamh agus na dTionscadal Caipitil.

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, An Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

1. **Leithscéalta/Comhbhrón**
   Tugadh leithscéal ón gComhairleoir Michael Clark faoi deara.
   Cuireadh comhbhrón in iúl do theaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ón gcruinniú deireanach.

2. **Dearbhú Coinbhleachta Leasa**
   Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**3. Nithe atá le Réiteach ag an mBord**

**3.1. Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a tionóladh ar an 18 Samhain 2024.
**Beartaithe:** An Clr Pamela Kearns, **Duine a thacaigh léi:** Charlotte O'Donovan

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a tionóladh ar an 25 Samhain 2024.
**Beartaithe:** Ken Farrell, **Duine a thacaigh leis:** Wayne Carey

**3.2. Ceapacháin Comhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta**

Ceapachán An Clr Thomas Joseph, Brigid Manton agus Sarah Widaa mar ionadaithe BOO ar an gCoiste Oibre don Aos Óg
**Beartaithe:** An Clr John Walsh, **Duine a thacaigh leis:** Wayne Carey

Ceapachán Charlotte O'Donovan mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Phobalscoil Bhaile an Bhlácaigh
**Beartaithe:** An Clr Jacqueline Burke, **Duine a thacaigh léi:** An Clr Pamela Kearns

Ceapachán Cathal Boland mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Shéanna
**Beartaithe:** An Clr Mick Duff, **Duine a thacaigh leis:** Ken Farrell

Ceapachán Cathal Boland mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Dhomhnach Bat
**Beartaithe:** An Clr Mick Duff, **Duine a thacaigh leis:** Ken Farrell

Ceapachán Cathal Boland mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail na Gráinsí
**Beartaithe:** An Clr Mick Duff, **Duine a thacaigh leis:** Ken Farrell

Ceapachán Lesley Anne Byrnes mar Ainmní de chuid na dTuismitheoirí ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Ériu
**Beartaithe:** An Clr John Walsh, **Duine a thacaigh leis:** Wayne Carey

Ceapachán Stuart Adams mar Ainmní de chuid na dTuismitheoirí ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Fhine Gall
**Beartaithe:** An Clr John Walsh, **Duine a thacaigh leis:** Wayne Carey

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord**

**4.1. Coistí an Bhoird –** Tugtha ar aird

Phléigh an Stiúrthóir Forbartha Tacaíochta Eagraíochta (OSD) na freagrachtaí maidir leis an bplean oibre, an amlíne agus an gCoiste Boird (ARC agus Airgeadas) a thacóidh le foilsiú Phlean Seirbhíse 2025 agus an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) / an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh (SIC). Ní mór Plean Seirbhíse 2025 a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais ar an 1 Márta agus ní mór an AFS agus an SIC a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais ar an 1 Aibreán.

Cheadaigh comhaltaí an Bhoird táillí a íoc do bhaill an choiste sheachtraigh iniúchóireachta agus riosca agus don choiste airgeadais ar feadh shaolré a dtionachta ar an gcoiste faoi seach. Chomh maith leis sin, cheadaigh an Bord an ceadú siarghabhálach chun táillí a íoc do bhaill sheachtracha choiste iniúchta agus riosca agus airgeadais 2019-2024.

**Beartaithe**: An Clr Yvonne Collins, **Duine a thacaigh léi:** Colm Kilgallon

**4.2. Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin –** Tugtha ar aird

**4.3. Seirbhísí Óige agus Maoiniú**

Thug an Príomhfheidhmeannach eolas don Bhord faoin bhforbairt a rinneadh le déanaí maidir le maoiniú Seirbhísí Óige agus thug sé le fios nár seasadh leis an achomharc a cuireadh isteach i mí na Samhna. Dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach stádas na n-íostarraingtí airgeadais agus fógra faoi shaincheisteanna maoinithe don fhoireann lena mbaineann. Leanann BOOÁCDL ar aghaidh ag lorg maoinithe ó fhoinsí malartacha. Leanann BOOÁCDL de bheith ag plé le páirtithe leasmhara ábhartha ar an ábhar seo. Tá BOOÁCDL ag obair faoi láthair ar chás gnó le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais. Bhí roinnt ceisteanna agus plé ag baill an Bhoird ina dhiaidh sin.
D'admhaigh baill an Bhoird an t-ualach suntasach oibre a bheidh ag teastáil chun an aighneacht a iarradh a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais.

**4.4. Foirm Dhearbhaithe um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**

D'iarr Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí ar Chomhaltaí an Bhoird na foirmeacha Dearbhaithe um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO) a chomhlánú agus a sheoladh ar ais faoin Déardaoin 30 Eanáir 2025.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**4.5. 2 x Scoileanna Speisialta Nua**

D'fhógair an tAire Oideachais Norma Foley agus an tAire Stáit um Oideachas Speisialta agus Cuimsiú Hildegarde Naughton láithreacha na gcúig scoil speisialta nua atá le bunú don scoilbhliain 2025/26 le déanaí. Beidh dhá cheann de na scoileanna sin lonnaithe i Leamhcán agus i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath agus tiocfaidh na scoileanna sin faoi phátrúnacht BOOÁCDL. Beidh an Roinn Oideachais (RO) i gceannas ar thalamh a fháil agus beidh Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna i gceannas ar BOO.

Tacaíonn agus faomhann an Bord go hiomlán le pátrúnacht na scoileanna seo atá ag teacht faoi BOOÁCDL.

**5. Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

**5.1. Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh an tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord ar aird í.
Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

**5.2. Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach**

Scaipeadh tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú
agus cuireadh i láthair an bhoird ó bhéal iad.

Rinneadh plé ina dhiaidh sin maidir le fás BOO in 2024 agus staid an bhuiséid do 2025.

**5.3. Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord ar aird í.
Phléigh Ross Lynam na príomh-nuashonrúcháin.

**5.4. Próifíl Foirne**

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

**5.5. Beartais - tugtha ar aird**

Clár Riosca – tugtha ar aird

Dheimhnigh Stiúrthóir TFE nach bhfuil aon nuashonrú ar an gclár riosca ó chruinniú an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair.

**6. Nithe a Chuir an Bord isteach**

D'iarr ball Boird go n-ardófaí glanadh scoileanna agus go dtabharfaí aghaidh air ag an gcéad chruinniú eile. Aontaíodh gur cheart go mbeadh sé seo ina mhír ar an gclár oibre.

**7. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile**

24 Feabhra 2025 ag 3:30pm (Hibrid)